Raidió na Life – Tuairisc an Bhainisteora – Samhain2011

Raidió na Life 106.4FM

7 Cearnóg Mhuirfean

Baile Átha Cliath 2

01-6616333

eolas@raidionalife.ie

www.raidionalife.ie

Réamhrá:

Tréimhse iontach rathúil eile i bhforbairt Raidió na Life a bhí ann le bliain anuas. Leanamar agus leanaimid orainn ag díriú ár gcuid iarrachtaí ar chuspóirí tábhachtacha a bhaint amach atá ag teacht le cuspóirí atá leagtha amach ag Foras na Gaeilge:

- Stádas / Dearcadh dearfach i leith na Gaeilge a chothú agus a chur chun cinn trí Raidió na Life.
- Cumas Gaeilge an duine aonair / an phobail a chothú agus a bhuanú trí Raidió na Life.
- Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn, a chothú agus a neartú trí Raidió na Life.
- Pobal labhartha Gaeilge a chothú, a neartú agus a bhuanú trí Raidió na Life.

Sa bhreis ar an obair dhúshlánach chun an stáisiún a choimeád sa tsiúl ó lá go lá, rinneadh a lán oibre i mbliana ar thograí breise le fócas láidir ar phróifíl an stáisiúin a ardú. Le foireann bheag lán-aimseartha de thriúr, fostaí páirt-aimseartha amháin, Bord Stiúrtha deonach, agus idir 70-100 craoltóirí deonacha ag aon am amháin, is údar sásaimh é a fheiceáil go bhfuil an stáisiún ag dul ó neart go neart ar bhonn leanúnach. Ní beag sin, creidimid.

Is rud níos suntasaí fós í an fhorbairt agus an nuálaíocht atá cruthaithe ag Raidió na Life nuair nár méadaíodh ar líon foirne fostaithe an stáisiúin le breis agus 10 mbliana. Teistiméireacht do thiomantas na foirne fostaithe is deonaí is ea é gur áit chomh huathúil sin é Raidió na Life.

2011: Bliain Eile Dhul Chun Cinn do Raidió na Life:

"Insíonn pictiúr míle focal" agus mheasamar go n-inseodh na grianghraif thíos scéal ghníomhaíochtaí RnaL le bliain anuas ar bhealach níos éifeachtaí ná aon rud go bhféadfaimís a scríobh i bhfocail… (cé go bhfuil iarracht déanta againn é sin a dhéanamh i ndiaidh na ngrianghraif...)

106·4FM

106·4 FM

106·4FM
RAIDIÓ
NA LIFE

106·4FM
RAIDIÓ
NA LIFE
Cuisle na Cathrach
DUBLIN ROSE
Newbridge Silverware

106·4FM
RAIDIÓ
NA LIFE

106·4FM
RAIDIÓ
NA LIFE

106·4
FM

Ón Chruinniú Cinn Bhliana (CCB) deiridh tá foireann an stáisiúin tar éis a bheith gnóthach ag obair ar, i measc rudaí eile:

1. **Gnáthchraoladh**
2. **Infheistíocht sa Teicneolaíocht**
3. **For-Rochtain Phobail agus Comhoibriú le Grúpaí Eile**
4. **Pleanáil don Todhchaí**

1. Gnáthchraoladh

Is é gnáth-reachtáil laethúil RnaL príomhghnó an stáisiúin ó lá go lá, ina gcuimsítear:

1. Gnáthchraoladh
2. Riaradh www.raidionalife.ie
3. Margaíocht, Poiblíocht & Gradaim – Aitheantas don stáisiún
4. Cláir Chainte Shaibhre á léiriú do RnaL ó scéim Fuaim & Fís

Soláthraíonn Raidió na Life seirbhís raidió pobail i nGaeilge do mhórcheantar Átha Cliath le:

- 3 fhostaí lánaimseartha & 1 fhostaí páirtaimseartha
- 20 uair in aghaidh an lae de chraolacháin Luan – Déardaoin; 24 uair Aoine - Domhnach.
- 7 lá sa tseachtain, 365 lá sa bhliain
- Ardchaighdeán craoltóireachta
- Ag mealladh 70-100 craoltóirí deonacha ag aon am amháin (78+ i mí Dheireadh Fómhair 2011).

Éiríonn linn seirbhís a sholáthar atá uaireanta ar chomhchaighdeán leis na stáisiúin tráchtála agus stáit a fheidhmíonn go minic leis na dosaein (nó na céadta fiú, i gcás sheirbhísí RTÉ) baill foirne lánaimseartha ag obair leo. **N.B. Tá breis agus 90 fostaí lánaimseartha ag Raidió na Gaeltachta. Tá 3 fostaí lánaimseartha ag Raidió na Life**.

Dúshlán leanúnach ach gné ríthábhachtach d'obair fhoireann an stáisiúin comhordú, oiliúint agus bainistíocht a dhéanamh ar na c.70-100 oibrithe deonacha a bhíonn linn ag aon am amháin. Tagann daoine nua chuig an stáisiún gach uile sheachtain agus fágann daoine eile slán linn. I measc ár gcúraimí bíonn:

- Earcaíocht leanúnach ar Shaorálaithe chun an sceideal a líonadh
- Agallaimh Iontrála, Láimhseáil Fhoirmeacha Iarratais, Riarachán srl.
- Comhordú, Bainistíocht & Feitheoireacht Leanúnach ar Shaorálaithe
- Oiliúint i scileanna craoltóireachta

Éiríonn linn 148 uair a' chloig a chraoladh gach seachtain, le cláir a chlúdaíonn:

- cúrsaí reatha
- ealaíon is cultúr
- spórt
- an timpeallacht
- cláir shainspéise maoinithe ag scéim *Fuaim & Fís*
- gach saghas stíl cheoil faoin spéar – rud a mheallann daoine nua i dtreo na Gaeilge agus a thugann dúshlán don teoiric naimhdeach gur rud seanfhaiseanta í an Ghaeilge.

Tá éacht á bhaint amach ag Raidió na Life agus tá creidiúint mhór ag dul don fhoireann as an stáisiún a choinneáil sa tsiúl ó lá go lá, agus níos tábhachtaí ná aon ní eile, tá creidiúint ollmhór ag dul do na craoltóirí agus oibrithe deonacha a thagann isteach seachtain i ndiaidh seachtaine lena gcláir a dhéanamh dár n-éisteoirí ina gcuid ama féin, saor in aisce.

Faigheann suíomh idirlín Raidió na Life www.raidionalife.ie 3,000 'buille' in aghaidh na míosa, rud a léiríonn an tóir atá ar an stáisiún. Obair leanúnach d'fhoireann RnaL an suíomh a choinneáil suas chun dáta agus a bhainistiú leis na hathruithe go léir a tharlaíonn le hoibrithe deonacha an stáisiúin. I measc na n-áiseanna atá ar fáil ar www.raidionalife.ie tá:

- Sruth Beo ("Éist Linn")
- Podchraoltaí & MP3anna de chláir
- Sceideal Iomlán
- Leathanach ar leith do ghach clár
- Foirm Theagmhála
- Eolas faoi stair, cúlra agus fealsúnacht craolacháin RnaL.
- "Spotsholas" ar an leathanach baile le haird faoi leith a tharraingt ar chláir/thograí faoi leith nuair is cuí

Tá níos mó béime curtha againn i mbliana freisin ar úsáid shuíomhanna ghréasánaithe shóisialta (facebook, myspace, twitter srl.) chun ár lucht éisteachta a cheangailt leis an stáisiún agus chun idirghníomhaíocht leis na héisteoirí a fhorbairt. Déan cairdeas linn agus/nó lean muid ag:

Lean muid ar Facebook facebook.com/raidionalife myspace.com myspace.com/raidionalife twitter.com/raidionalife

Tá béim mhór curtha arís againn i mbliana ar mhargaíocht agus ar phoiblíocht a dhéanamh ar bhranda Raidió na Life go ginearálta agus ar phróifíl an stáisiúin a ardú. Rinneadh infheistíocht sna hearraí seo a leanas ó *Grafaicí* (comhlacht Gaeltachta) i 2011:

- Seastáin 'Pop-Up'
- Meirgí (*Banners*) PVC le húsáid ag craoltaí seachtracha srl.
- Frámaí 'Snap' le crochadh thart timpeall an stáisiúin

Frámaí 'Snap' atá ag crochadh thart timpeall an stáisiúin

Suathantais nua

Ardbhliain a bhí i 2011 do Raidió na Life arís le haitheantas á thabhairt ag an saol mór don obair thábhachtach atá idir láimhe againn. I measc na ngradam is na bpíosaí poiblíochta a sheas amach i mbliana bhí:

- **Glór na nGael:** Duais Údarás Craolacháin na hÉireann i gComórtas Náisiúnta Ghlór na nGael don Stáisiún Raidió Pobail is Fearr.

- **Hot Press:** Clár RnaL 'Alt Éire' luaite go sonrach sa "*Who's Who in Radio*" i Leabhar Bliana Hot Press 2011. Foilsíodh alt fúinn in eagrán Sheachtain na Gaeilge den iris chéanna chomh maith.

.

Niamh Ní Shúilleabháin, láithreoir deonach 'Alt Éire' le RnaL & Luan Parle, ceoltóir, ag ceolchoirm 'CEOL' S na G 2011

Lean Raidió na Life i mbliana ag craoladh tuilleadh cláir ar ardchaighdeán a rinneadh le cabhair mhaoinithe ón scéim chraoltóireachta *Fuaim & Fís**:

- ***Gaeilge na hArdteistiméireachta,*** sraith oideachasúil ón gcomhlacht *Scéal Eile*, a chuideoidh le daltaí & le Múinteoirí Ardteiste tuiscint níos fearr a fháil ar shiollabas nua na Gaeilge san Ardteist.
- ***An Cuimhin Leat?,*** dráma raidió faoin bhulaíocht, le Brian Ó Tiomáin.
- ***Sruth Ama,*** dráma raidió grinn, suite in oifigí nuachtán Gaeilge samhlaíoch, le Gabriel & Tristan Rosenstock.
- ***I Roinn dá gCuid Féin,*** sraith spóirt a bhreathnaigh ar spóirt mhionspéise nach bhfaigheann mórán clúdach sna meáin de ghnáth, le Seán Ó Pronntaigh, Cillian Ó Conchúir & Marcus Ó Buachalla.
- ***Nóra***, dráma raidió bunaithe ar na stailceanna ocrais ó Thuaidh ag tús na n-ochtóidí, le Gearóid Mac Unfraidh.
- ***Is Ait an Mac an Saol,*** dráma raidió ón léiritheoir Rónán Ó Muirthile agus an scríbhneoir Emer Ní Rónáin.
- ***An tAthair Seosamh Mallin***, clár faisnéise ó Bhrian Ó Tiomáin mar gheall ar an sagart Íosánach atá ina mhisinéir sa tSeapáin; an duine deireannach atá fós beo gur cuireadh a athair chun báis i bPríosún Chill Mhaighneáin de bharr a bheith páirteach in Éirí Amach na Cásca 1916.

* Is i 2005 a cuireadh tús le scéim mhaoiniúcháin chraoltóireachta *Fuaim & Fís (Sound & Vision)*. Faoin scéim seo, cuirtear 5% den airgead a thuilleann an stát ón cheadúnas teilifíse ar leataobh le maoiniú a chur ar fáil le cláracha teilifíse agus raidió a dhéanamh mar gheall ar ghnéithe éagsúla d'oidhreacht agus de chultúr na hÉireann, agus tá an scéim oscailte d'éinne le cur isteach uirthi. Le cúig bliana anuas tá éirithe thar cinn le Raidió na Life le cláracha éagsúla a rinneadh faoin scéim seo. Tá curtha go mór ag na cláracha uile seo le caighdeán na gclár atá le cloisteáil ar Raidió na Life. Seo a leanas roinnt de na cláracha a léiríodh faoin scéim go dtí seo: *Éire 2016, Féilte, Miasanna na Meánmhara, Línte Life, In Ómós do Phroinsias Ó Maonaigh, Seó an Phobail, Raidió na nÓg (Sraith 1 agus 2), Ceathrar le Ceithre Scór, Dúnmharú a Mhuirnín, Béalealaín , An Stráinséir, Filíocht na hArdteistiméireachta, Prós (Plus) na hArdteistiméireachta, An Caifé Liteartha, Fuaimrian* srl.

2. <u>Infheistíocht sa Teicneolaíocht</u>

Tá Raidió na Life tiomanta do choigiltí agus luach ar airgead a bhaint amach aon áit go n-aithnítear bealaí le hairgead a shábháil. Ó thaobh cúrsaí teicneolaíochta sa stáisiún rinneamar infheistíocht i mbliana sna hearraí seo a leanas:

1) Córas Craolacháin Seachtraigh ('OB Kit')
2) Córas Logála 'Radiomation'
3) Córas Gutháin Nua

Buíochas le deontas aonuaire ó Fhoras na Gaeilge, bhí ar ár gcumas infheistíocht a dhéanamh i mbliana i gcóras craolacháin seachtraigh dár gcuid féin, rud a shábhálfaidh caiteachas san fhadtéarma ar a leithéid de threalamh a fháil ar cíos ó sholáthróirí neamhspleácha. Ceadaíonn córas craolacháin seachtraigh dár gcuid féin do Raidió na Life craoltaí seachtracha a dhéanamh níos minicí agus ar chostas níos ísle. Bealach iontach iad seo chun teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an bpobal ar an talamh agus chun an Ghaeilge a scaipeadh ar bhealach so-fheicthe, taitneamhach agus i slí a mhealann tacaíocht don nGaeilge ón mhórphobal agus tacaíocht do thogra Raidió na Life i gcoitinne chomh maith. Cuireann siad le cumas agus le meanma na gcraoltóirí deonacha a ghlacann páirt iontu freisin. Tugadh faoi chraoltaí seachtracha ó na háiteanna seo a leanas i 2011:

- Ceolchoirm 'CEOL' Sheachtain na Gaeilge i Sráid an Bhiocáire (Vicar St.)
- Ceolchoirm Raidió na Life/An Puball Gaeilge ar Chearnóg Mhuirfean mar chuid d'Fhéile Naomh Pádraig

- Bunscoil Naomh Pius i dTeampall Óg i ndeisceart Átha Cliath
- Coláiste Chumann na bhFiann i Ráth Cairn, Co. na Mí
- Leabharlann Chester Beatty i gCaisleán Átha Cliath mar chuid den Oíche Chultúir (Culture Night) 2011

Bíonn breischostais i gceist le craoltaí seachtracha mar aon le breis phleanáil agus breis acmhainní daonna. Is gá innealtóir fuaime neamhspleách a íoc le hoibriú mar theicneoir ag na craoltaí seo, mar aon le costais taistil agus mionchostais eile. Cé gur bhreá linn leanúint le tuilleadh craoltaí seachtracha mar seo i 2012, tá éiginnteacht ann i láthair na huaire, faoinár gcumas leis na costais bhreise seo a chlúdach i 2012.

Rinneadh infheistíocht i mbliana freisin i gcóras taifid/logála '*Radiomation*' de réir riachtanais an Údaráis Chraolacháin i dtaobh log/taifead a choinnneáil ar gach a chraoltar ar an stáisiún, infheistíocht atá tar éis feabhas a chur ar ár n-éifeachtúlacht ó thaobh comhlíonadh na ndualgas seo. Sa bhreis air seo, suiteáladh córas nua gutháin i RnaL i mbliana don chéad uair ó 1993. Sábhálfaimid c.50% ar ghlaochanna gutháin amach anseo leis an gcóras nua atá i bhfeidhm agus tá líon dóthaineach gutháin ar fáil d'oibrithe deonacha anois don chéad uair le blianta fada, ag leanúint leis na forbairtí atá ar bun againn le blianta beaga anuas chun áiseanna níos sásúla a chur ar fáil dár gcraoltóirí deonacha chun cláracha a dhéanamh.

3. <u>For-Rochtain Phobail :</u>

1) Comhoibriú idir RnaL, Raidió Fáilte, Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, An Fóram, & eagraíochtaí eile
2) Comhoibriú le Coláistí 3ú Leibhéil
3) CRAOL - Fóram Raidió Pobail na hÉireann - Intéirneacht do 'Chúntóir Gaeilge' le RnaL

Tá Raidió na Life ag comhoibriú go leanúnach lenár gcairde i Raidió Fáilte le blianta beaga anuas le béim mhór ar mhalartú cláir idir an dá stáisiún, ach an dá stáisiún ag cloí i gcónaí leis na prionsabail agus na rialacha atá leagtha síos ag na húdaráis cheadúnaithe i dtaobh stáisiún raidió pobail a bheith ag freastail ar a bpobail áitiúla go speisialta. Tá "Scoth na Seachtaine", buaicphointí ó phríomhchláir chainte RnaL á sheachadadh ag RnaL go Raidió Fáilte agus tá a mhacasamhail á dhéanamh ag Raidió Fáilte linne -"Scoth na Seachtaine" Raidió Fáilte leis an iriseoir aitheanta Eoghan Ó Néill. Tá *Scoth na Seachtaine* RnaL á chraoladh ar roinnt stáisiúin eile i líonra CRAOL freisin, ina measc:

- *Flirt FM* i nGaillimh
- *Phoenix FM* i mBaile Bhláinséir
- *Dublin South FM*.
- *Raidió Pobail Chlár Chlainne Mhuiris* (Claremorris Community Radio)

Agus tá cláir eile malartaithe idir RnaL agus Raidió Fáilte ar nós an tsraith ***Caife Cois Life***, an clár ceoil **An *Togra Cíorthuathail*** le Colm Ó Broin agus clár faisnéise ***Ar Thóir an Óir*** le hEoghan Ó Néill a craoladh ar an dá stáisiún an Fhómhair seo caite.

Leanamar leis an gcomhoibriú leanúnach idir RnaLagus eagraíochtaí Ghaeilge ar nós Ghael Linn, Seachtain na Gaeilge, Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge srl. i 2011 agus dár ndóigh tá obair leanúnach ar bun ag Fóram na nEagraíochtaí

Bunmhaoinithe Gaeilge chomh maith, go háirithe ar thodhchaí maoinithe na hearnála deonaí bunmhaoinithe.

Lean Raidió na Life ag soláthar tréimhsí taithí oibre agus foghlama do mhic léinn ar chúrsaí sna meáin chumarsáide le Gaeilge agus cúrsaí gnó is fiontraíochta le Gaeilge i 2011. I measc na n-ollscoileanna a bhímid ag comhoibriú leo go rialta tá:

- Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge
- Institiúd Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
- FIONTAR in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Faigheann mic léinn ar thaithí oibre linn taithí ar gach gné de chraoltóireacht raidió agus é uilig trí Ghaeilge. Tá na tréimhsí taithí oibre seo deartha chun bunús a chur ar fáil sna scileanna praiticiúla agus pearsanta atá de dhíth i gcomhair slí bheatha san earnáil raidió agus do staidéar leanúnach sa réimse freisin. Clúdaíonn tréimhsí taithí oibre le Raidió na Life:

- Léiriúchán Raidió
- Innealtóireacht & Eagarthóireacht Fuaime
- Scileanna Cumarsáide agus Idirphearsanta
- Anailís ar na Meáin
- Scileanna Taighde d'Iriseoirí
- An Dlí agus an Chraoltóireacht
- Deis chun an Ghaeilge a labhairt agus a chleachtadh i dtimpeallacht oibre ar feadh 40 uair in aghaidh na seachtaine (saghas “tomoideachas” oibre).

Caoimhín Boltún ó Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge:

mac léinn a chaith tréimhse ar thaithi oibre le Raidió na Life i 2011

Táimid díreach tar éis tús a chur le hintéirneacht i RnaL do mhac léinn ollscoile i gcomhpháirt le CRAOL (www.craol.ie), scátheagraíocht na hearnála raidió pobail sa 26 Contae, go bhfuil RnaL mar bhall de ar bhonn leanúnach. Tá an intéirneacht á mhaoiniú go hiomlán ag CRAOL agus is í Helena King, mac léinn ó FIONTAR in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, atá ar thréimhse intéirneachta 9 mí linn go dtí tús mhí Mheithimh 2012. Beidh sí ag obair mar Chúntóir Gaeilge le CRAOL chun forbairt a dhéanamh ar an ngréasán de chraoltóirí Gaeilge atá ann san earnáil raidió pobail agus chun cabhrú le stáisiúin éagsúla cur le líon na gclár Gaeilge atá á gcraoladh acu. Beidh obair thaighde agus cúnamh riaracháin srl. do RnaL mar chuid den obair seo chomh maith.

Tá súil againn go n-éireoidh go maith le RnaL i nGradaim Ghnóthachtála CRAOL 2011 freisin, an ceathrú bliain as a chéile go mbeidh gradaim á mbronnadh orainn ag scátheagraíocht náisiúnta na hearnála

Pleanáil don Todhchaí: Samhail Nua Mhaoinithe Fhoras na Gaeilge; Stiúideo Dearg srl.

I 2009 chuir Foras na Gaeilge in iúl d’earnáil dheonach na Gaeilge go rabhthas ag breathnú ar an gcóras maoinithe atá i bhfeidhm (bunmhaoiniú do 19 eagraíocht Gaeilge ar leith) a athrú chuig córas bunaithe ar réimse teoranta scéimeanna agus comórtas oscailte. Ó shin i leith tá plé leanúnach ar bun idir an earnáil bhunmhaoinithe Ghaeilge agus an Foras faoin tslí is fearr le tabhairt faoi chóras nua a chur i bhfeidhm ar bhealach a chinnteoidh an luach is fearr ar airgead agus níos tábhachtaí ná sin, a chinnteoidh an toradh is fearr gur féidir a bhaint amach do chur chun cinn na Gaeilge. Chun scéal gairid a dhéanamh de scéal casta, tá idirphlé ar bun idir an earnáil agus an Foras faoin tSamhail Nua Mhaoinithe le breis agus dhá bhliain anuas anois agus caitheadh cuid mhór ama air seo go háirithe le linn na bliana reatha.

Tuigtear go bhfuil sé i gceist ag an bhForas 8 scéim a fhógairt i 2012, tráth a thiocfaidh deireadh leis an mbunmhaoiniú a bhí á chur ar fáil ag an bhForas go dtí seo do 19 eagraíocht Gaeilge, RnaL ina measc. Táimid ag ullmhú don athrú ollmhór seo ar

an tslí a fheidmeoidh an stáisiúin – i.e. ó bhunmhaoiniú leanúnach eagraíochtúil go dtí scéimeanna 3 bliana do thograí agus seirbhísí ar leith. Tá "Scéim Raidió Pobail" ar cheann de na scéimeanna a fhógrófaidh an Foras an bhliain seo chugainn, rud a léiríonn todhchaí láidir – go hionchasach – do Raidió na Life. Ag an am céanna, beidh deireadh leis an chinnteacht a bhaineann le bunmhaoiniú. Tréimhse cinniúnach a bhéas i 2012 do Raidió na Life agus don 18 eagraíocht eile (iar-)bhunmhaoinithe. Tá súil againn gur féidir linn brath ar thacaíocht phobal na Gaeilge i mBaile Átha Cliath agus níos faide i gcéin, tacaíocht ár scairshealbhóirí, agus tacaíocht ónár gcairde go léir le cinntiú go mbeidh Raidió na Life fós beo sna blianta atá amach romhainn.

I gcomhthéacs na n-athruithe thuasluaite agus an éiginnteacht ghinearálta a bhaineann le cúrsaí maoinithe an stáisiúin, tá pleananna cuimsitheacha forbartha againn i mbliana chun athchóiriú substaintiúil (profáil fuaime agus cóireáil fuaime) a dhéanamh ar Stiúideo Dearg (www.dearg.ie), stiúideo taifeadta an stáisiúin – an foinse is mó ioncaim atá againn cé is moite de dheontas an Fhorais. Táimid ag breathnú anois ar indhéantacht an athchóirithe seo ó thaobh na gcostas de.
Tá an stiúideo i gcónaí ar fáil do jabanna guthaithe agus do thaifid ar cheol ar rátaí an-iomaíocha ar fad.

Focal Buíochais

Braitheann rath leanúnach Raidió na Life ar mhaoiniú leanúnach don stáisiún. Mar is gnáth is mian le Bainistíocht an Stáisiúin agus Bord Stiúrtha an Chomharchumainn buíochas a ghabháil le Foras na Gaeilge as ucht a thacaíocht leanúnach don stáisiún. Táimid muiníneach go n-athnófar an dea-thionchar atá ag RnaL ar chur chun cinn na Gaeilge agus go n-aontófar gur gá leanúint leis an an tacaíocht a chuireann Foras na Gaeilge ar fáil do RnaL ar bhonn leanúnach sa todhchaí.

Ba mhaith linn buíochas speisialta a ghabháil le scairshealbhóirí an stáisiúin – sibhse – a thugann tacaíocht leanúnach dúinn. Gan sibhse, ní bheadh muid ann. Agus dár ndóigh, an dream amháin nach bhféadfadh an stáisiún feidhmiú gan iad ach an oiread ná na craoltóirí agus oibrithe deonacha uilig a thugann a gcuid ama agus a gcuid fuinnimh do Raidió na Life gan stad gan staonadh – go mba fada beo sibh uilig!

Má tá spéis agat scair nó scaireanna breise a cheannach chun cabhrú leis an stáisiún sa todhchaí, seol ríomphost chuig muiris@raidionalife.ie le "Scair breise" sa líne tagartha.

Bíonn breischabhair ag teastáil uainn i gcónaí ó dhaoine atá sásta feidhmiú mar bhaill den Bhord Stiúrtha freisin, agus dár ndóigh cuirimid fáilte roimh éinne gur spéis leo clár a a dhéanamh ar an stáisiún nó traenáil a chur ar ár gcraoltóirí deonacha i réimsí ar nós scileanna craoltóireachta, cruinneas na Gaeilge, scileanna ríomhairí srl. Táimid ag lorg cabhair ó éinne atá cur amach acu ar conas "app" a chruthú do Raidió na Life freisin – má tá cur amach agat ar a leithéid, bí i dteagmháil linn!

Is mise le meas,

Muiris Ó Fiannachta

Muiris Ó Fiannachta
Bainisteoir Stáisiúin
Raidió na Life 106.4fm
7 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2.
www.raidionalife.ie

Guthán: 01-6616333 / Faics: 01-6398401 / R-phost: muiris@raidionalife.ie